Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0010

Comhar feabhsaithe maidir le hIasacht don Úcráin a bhunú

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2026 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le hIasacht don Úcráin a bhunú (17113/2025 – C10-0004/2026 – 2025/0431(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le hIasacht don Úcráin a bhunú (17113/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 329(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0004/2026),

– ag féachaint do Rialacha 93, 107 agus 170 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.